C/2024/1988

6.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11419 - OPEN PASS / FORTENOVA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1988)

1. An 26 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Open Pass Limited ('Open Pass', Málta), faoi rialú an duine phríobháidigh Pavao Vujnovac, (in éineacht le cuideachtaí eile a rialaítear go díreach nó go hindíreach, 'PV Group')

— Fortenova Group MidCo B.V. ('Fortenova Group', an Ísiltír)

Gheobhaidh Open Pass rialú aonair ar Fortenova Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá PV Group gníomhach i mórdhíol torthaí agus glasraí úra, táirgí domheata déanta as torthaí agus glasraí, i mórdhíol táirgí agus táirgí neamhbhia, i dtrádáil, in allmhairiú agus soláthar gáis nádúrtha, i dtáirgeadh agus soláthar leictreachais, san iompar d'iarnród agus i réadmhaoin sa Chróit agus sa tSlóivéin agus i dtíortha éagsúla nach bhfuil san Aontas sna Balcáin,

— Tá Fortenova Group gníomhach sa talmhaíocht, i dtáirgeadh bia agus i soláthar earraí tomhaltais laethúla sa Chróit agus sa tSlóivéin agus i dtíortha éagsúla nach bhfuil san Aontas sna Balcáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11419 – OPEN PASS / FORTENOVA GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË